Coimisiún na Meán

# Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí

De bhun Airteagal 55 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha

## 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2025

Poiblí

# Clár Ábhar

Réamhrá 3

Gearáin (Airteagal 53 de GSD) 4

Orduithe (Airteagail 9 agus 10 GSD) 5

Comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (Airteagal 21 GSD) 6

Comharthóirí Iontaofa (Airteagal 22 GSD) 6

Taighdeoirí Grinnfhiosraithe (Airteagal 40 GSD) 7

Forfheidhmiú 8

Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus baile 9

# Réamhrá

Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ('DSA') soláthraítear rialacha comhchuibhithe maidir le timpeallacht shábháilte intuartha iontaofa ar líne agus idirghníomhú á dhéanamh le 'seirbhísí idirghabhálacha', mar a thugtar orthu, lena n-áirítear ardáin ar líne, seirbhísí óstála nó innill chuardaigh. Samplaí de rialacha comhchuibhithe den sórt sin is ea (1) ceanglais bhreise trédhearcachta maidir leis an gcaoi a ndéanann ardáin ar líne ábhar a mhodhnú, (2) rochtain na saoránach ar shocruithe lasmuigh den chúirt agus (3) rialacha maidir le stádas comharthóirí iontaofa agus oibleagáidí trédhearcachta le haghaidh comharthóirí iontaofa. Tá sé d'aidhm ag GSD freisin ábhar mídhleathach ar líne a chosaint chomh maith le scaipeadh na bréagaisnéise a chosc. Tá grinnscrúdú breise le déanamh ar sholáthraithe Ardáin An-Mhór ar Líne (VLOPanna) agus Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne (VLOSEnna), amhail an oibleagáid rioscaí sistéamacha a eascraíonn as a seirbhísí a mheasúnú agus a mhaolú agus

Is iad na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha náisiúnta, rialálaithe náisiúnta eile atá ainmnithe mar údaráis inniúla ina mBallstáit, agus an Coimisiún Eorpach a dhéanann GSD a fhorfheidhmiú le haghaidh VLOPanna agus VLOSEnna. Ainmníodh Coimisiún na Meán (An Coimisiún) mar an DSC in Éirinn i mí Feabhra 2024. Ainmníodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), de bhun Airteagal 49, mar an t-údarás inniúil chun críoch Airteagail 30, 31 agus 32 de GSD, a bhaineann le margaí ar líne.

Tá an tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí á foilsiú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 55 de GSD, lena gceanglaítear ar gach DSC tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú ina sonraítear a ghníomhaíochtaí le linn na bliana roimhe sin. Áirítear sa tuarascáil eolas maidir le gearáin a fuarthas faoi Airteagal 53, chomh maith le heolas níos sonraí amhail líon agus cineálacha na n-orduithe chun gníomhú in aghaidh ábhar mídhleathach nó orduithe chun eolas a sholáthar a d'eisigh údaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin sa Bhallstát ábhartha, de réir Airteagail 9 agus 10 de GSD. Áirítear sa tuarascáil freisin eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar na horduithe sin, mar a cuireadh in iúl do na DSCanna.

I gcás na mBallstát a d'ainmnigh roinnt údarás inniúil le bheith freagrach as maoirseacht agus forfheidhmiú GSD, ceanglaítear ar an DSC gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil uile a chomhdhlúthú in aon tuarascáil bhliantúil chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí amháin. Ionchorpraítear sa tuarascáil seo an t-eolas agus na sonraí ábhartha uile arna soláthar ag an CCPC, arb é an t-údarás inniúil é i ndáil le hAirteagail 30, 31 agus 32.

Roinnfidh an Coimisiún an tuarascáil seo leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha.

# Gearáin (Airteagal 53 de GSD)

## Réamhrá

Leagtar síos le hAirteagal 53 de GSD an ceart atá ag faighteoirí seirbhísí idirghabhálacha, nó ag aon eagraíocht nó comhlachas sainordaithe atá ag gníomhú thar a gceann, gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha sin agus sárú ar GSD á líomhain. Ba cheart gearáin a dhíriú chuig an DSC sa Bhallstát ina bhfuil faighteoir na seirbhíse lonnaithe nó bunaithe.

Déanfaidh DSC measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé ar aghaidh é chuig DSC sa Bhallstát ina bhfuil soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha bunaithe, agus d'fhéadfadh tuairim a bheith ag gabháil leis. Má thagann an gearán faoi fhreagracht údaráis eile laistigh den Bhallstát céanna, aistreoidh DSC an gearán chuig an údarás ábhartha iomchuí.

## Gearáin in 2025

In 2025, fuair an Coimisiún 855 gearán a bhain leis an GSD. Tharchuir an Coimisiún 6 ghearán chuig Autoriteit Consument en Markt (ACM) mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha don Ísiltír, 1 ghearán chuig Bundesnetzagentur für Elektrizität, Gas, Telekommunikation, Post und Eisenbahnen (BNetzA) mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha don Ghearmáin, agus 1 ghearán chuig an Post-och telestyrelsen mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha don tSualainn. Tharchuir an Coimisiún 2 ghearán a bhain le hAirteagail 30 agus 31 den GSD chuig an CICT freisin.

### Gníomhaíochtaí an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT)

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rannchuidigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT), ina cháil mar údarás inniúil faoin GSD, leis an gcreat maoirseachta agus forfheidhmithe arna chomhordú ag an gCoimisiún.
Fuair CICT cumarsáid rialála amháin (teachtaireacht) freisin trí Agora ón bhFrainc maidir le sáruithe líomhnaithe ar Airteagal 30 den GSD. Mar fhreagairt air sin, chuaigh CICT i dteagmháil go díreach le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Fraince, ARCOM (Autorité de régulation de la communicationaudiovisuelle et numérique), agus le húdarás inniúil na Fraince DGCCRF (Direction générale de la concurrence, de la consommation et de la répression des fraudes). Tá an CICT ag obair go gníomhach chun na saincheisteanna a sainaithníodh a réiteach.

- Mar chuid dá ghníomhaíochtaí comhlíontachta réamhghníomhacha, thug CICT faoi chleachtadh scagtha spriocdhírithe (scuab-imscrúdú) chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 30 den GSD. Foilseofar tuilleadh sonraí faoin scuab-imscrúdú seo ar shuíomh gréasáin CICT.
- Ghlac CICT páirt ghníomhach ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear mar chomhalta de Mheitheal 5 den Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha – 'Tomhaltóirí agus áiteanna margaidh ar líne'. Ina theannta sin, is comhalta gníomhach é CICT de Shruth Oibre 1 um Meitheal 5 'Mapáil na n-údarás náisiúnta' agus de Shruth Oibre 2 'Camscéimeanna agus calaois ar líne'.
- Ghlac an CICT páirt i gcruinnithe leanúnacha leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an gCoimisiún maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú an GSD.
- D'fhreastail CICT freisin ar chruinnithe rialála comhpháirteacha leis an gCoimisiún, an Coimisiún Eorpach agus le hardáin an-mhór ar líne (VLOPanna) a bunaíodh in Éirinn, ag tacú le rannpháirtíocht rialála chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Foilsítear tuilleadh faisnéise maidir le gníomhaíochtaí CICT ina ról mar údarás inniúil faoin GSD i dtuarascálacha bliantúla an CICT féin. Féach suíomh gréasáin CICT chun tuilleadh eolais a fháil.

**Gearáin as ar eascair fiosrúcháin fhoirmiúla in 2025**

Chuir Foireann Fiosrúcháin an Choimisiúin tús le fiosrúchán foirmiúil an 12 Samhain 2025 ar sholáthraí ardán ar líne X (X), faoi GSD an Aontais. Déanfar measúnú san fhiosrúchán ar cé acu a sháraigh nó nár sháraigh X Airteagal 20 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Eascraíonn an fiosrúchán as ábhair imní atá ag Foireann Fiosrúcháin Ardáin an Choimisiúin, maidir le X a bheith ag comhlíonadh Airteagal 20 den GSD. Forlíontar na hábhair imní sin le faisnéis a sholáthraíonn ENR, HateAid agus gearán ó úsáideoirí.

# Orduithe (Airteagail 9 agus 10 GSD)

**Réamhrá**

Tugtar breac-chuntas in Airteagal 9 den GSD ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha nuair a fhaigheann siad ordú ó údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta chun gníomhú in aghaidh ábhar mídhleathach, agus leagtar amach oibleagáidí do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha freisin. Ar an gcéad dul síos, nuair a fhaigheann soláthraí ordú den sórt sin, ní mór dó an t-údarás eisiúna (nó údarás sonraithe eile) a chur ar an eolas faoi aon éifeacht a tugadh don ordú, ina sonraítear ar tugadh éifeacht don ordú agus cathain a tugadh éifeacht dó. Leagtar síos san airteagal freisin coinníollacha maidir leis na horduithe arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta.

Ní mór don údarás eisiúna, nó d'údarás sonraithe eile má shonraítear é sin san ordú, an t-ordú agus aon fhaisnéis a fhaightear ón soláthraí maidir lena chur chun feidhme a chomhroinnt leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha i mBallstát an údaráis eisiúna. Ní mór don gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an fhaisnéis sin a roinnt ansin le gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha eile.

Tugtar breac-chuntas in Airteagal 10 den GSD ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha nuair a fhaigheann siad ordú chun faisnéis shonrach a sholáthar faoi fhaighteoirí aonair na seirbhíse. Nuair a fhaigheann siad ordú chun faisnéis a sholáthar, ní mór do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha an t-údarás breithiúnach nó riaracháin náisiúnta ábhartha, nó aon údarás eile a shonraítear san ordú, a chur ar an eolas go pras go bhfuarthas é agus faoin éifeacht a tugadh don ordú, agus a shonrú ar tugadh éifeacht don ordú agus cathain a tugadh éifeacht dó. Ar an gcaoi chéanna le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 de GSD, leagtar síos coinníollacha maidir leis na horduithe arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta. Ní mór don údarás eisiúna, nó d'údarás sonraithe eile má shonraítear é sin san ordú, an t-ordú agus aon fhaisnéis a fhaightear ón soláthraí maidir lena chur chun feidhme a chomhroinnt leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha i mBallstát an údaráis eisiúna. Ní mór don gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an fhaisnéis sin a roinnt ansin le gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha eile.

In 2025, ní bhfuair an Coimisiún faisnéis i ndáil le horduithe arna n-eisiúint faoi Airteagail 9 agus 10 ná i ndáil le héifeachtaí a tugadh do na horduithe sin.

Bhí an Coimisiún ina rannpháirtithe gníomhacha i Meitheal 7 an Bhoird Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha a rinne ionchur i gcur chun feidhme Airteagal 9 agus Airteagal 10. Tá an Coimisiún ag ardú feasachta go gníomhach maidir le hAirteagail 9 agus 10 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha le roinnt páirtithe leasmhara seachtracha i rith na bliana agus leanann an feachtas seo maidir le comhroinnt faisnéise agus ardú feasachta ar aghaidh.

# Comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (Airteagal 21 GSD)

**Réamhrá**

Tugann comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (ODS) deis d'úsáideoirí díospóidí modhnóireachta ábhair a réiteach le hardáin ar líne. Ní mór d'ardáin ar líne úsáideoirí a chur ar an eolas faoin rogha sin chun fadhbanna a réiteach agus ceanglaítear orthu freisin comhoibriú le nósanna imeachta na gcomhlachtaí deimhnithe um réiteach díospóidí. Arna iarraidh sin, deimhníonn Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha comhlachtaí um réiteach díospóidí atá lonnaithe ina mBallstát má chomhlíonann siad na ceanglais reachtúla a leagtar amach in Airteagal 21.

**Deimhniú comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt in 2025**
Amhail ó dháta na tuarascála seo, tá comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt amháin deimhnithe ag An Coimisiún, is é sin Ionad Achomhairc na hEorpa. In 2025, níor dhiúltaigh an Coimisiún d'aon iarratas ó chomhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt agus níor chúlghair sé aon deimhniú de bhun Airteagal 21 de GSD.

Le linn 2025, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go rialta leis an gcomhlacht deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, Ionad Achomhairc na hEorpa chomh maith le páirtithe leasmhara eile a raibh baint acu le cur chun feidhme an phróisis um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt lena n-áirítear VLOPanna agus VLOSEnna atá bunaithe in Éirinn, Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha i mBallstáit eile, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha agus comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt atá deimhnithe i ndlínsí eile. Ba é an aidhm a bhí leis na gealltanais sin oibriú i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin a d'eascair as cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 21.

Le linn 2025, thionóil An Coimisiún seisiúin faisnéise maidir leis an gceart chun sásaimh faoi GSD, lena n-áirítear an ceart chun dul i dteagmháil leis an bpróiseas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, le raon leathan príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear gníomhaireachtaí stáit, piar-rialtóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá treoir agus doiciméad Ceisteanna Coitianta maidir le comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt foilsithe ag an gCoimisiún. Is féidir rochtain a fháil ar an treoir anseo agus is féidir rochtain a fháil ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta anseo.

# Comharthóirí Iontaofa (Airteagal 22 GSD)

**Réamhrá**

Faoin GSD, ní mór sásraí a bheith i bhfeidhm ag soláthraithe ardán ar líne chun go mbeidh Comharthóirí Iontaofa in ann fógraí a chur isteach faoi ábhar a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach, agus ní mór d'ardáin ar líne déileáil le fógraí den sórt sin ó Chomharthóirí Iontaofa ar bhonn tosaíochta. Bronnann Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha Bhallstát bunaíochta an eintitis is iarratasóir an stádas mar Chomharthóir Iontaofa. Déanann Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha maoirseacht ar an bpróiseas iarratais, chun a chinntiú go gcomhlíonann eintitis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 22 den GSD; e.g. is saineolaithe iad ar chineálacha áirithe ábhair mhídhleathaigh a bhrath ar líne. Ní mór do GSDanna ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-eintiteas ar bhronn siad stádas mar Chomharthóirí Iontaofa orthu,

nó aon Chomharthóirí Iontaofa a bhfuil a stádas curtha ar fionraí nó cúlghairthe acu, a chur in iúl don Choimisiún agus don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha.

### Stádas deonaithe do Chomharthóirí Iontaofa in 2025

In 2025, bhronn An Coimisiún stádas comharthóra iontaofa ar eintiteas amháin, Banc Ceannais na hÉireann, agus d'fhoilsigh sé Nóta Faisnéise maidir leis an gcinneadh an stádas a bhronnadh ar an eintiteas sin. Is é réimse saineolais ainmnithe an Bhainc Ceannais camscéimeanna airgeadais agus calaois, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais a sholáthar agus/nó a thairiscint gan údarú. Is é 3 bliana fad an stádais, ag tosú ón 2 Aibreán 2025 go dtí an 2 Aibreán 2028.

Tá cur chuige réamhghníomhach glactha ag an gCoimisiún chun feasacht a mhúscailt maidir le stádas an Chomharthóra Iontaofa trí sheisiúin faisnéise aonair agus chomhchoiteanna le raon leathan páirtithe leasmhara. I mí na Nollag 2025, thionóil An Coimisiún imeacht mar Chomharthóir Iontaofa a chuir fóram ar fáil do rannpháirtithe chun léargais agus taithí a bhaineann le stádas, gníomhaíochtaí agus dúshláin chomharthóra iontaofa a bhailiú agus a chomhroinnt.

Tá treoir agus doiciméad Ceisteanna Coitianta maidir le Comharthóirí Iontaofa foilsithe ag an gCoimisiún. Is féidir teacht ar an treoir anseo agus is féidir teacht ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta anseo.

# Taighdeoirí Grinnfhiosraithe (Airteagal 40 GSD)

### Réamhrá

Is taighdeoirí iad Taighdeoirí Grinnfhiosraithe ar tugadh cead dóibh rochtain a fháil ar shonraí dá dtaighde ar rioscaí sistéamacha nó ar bhearta chun iad a mhaolú ag VLOPanna agus VLOSEnna. Samplaí de rioscaí sistéamacha is ea scaipeadh ábhair mhídhleathaigh, éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú ceart bunúsach, dioscúrsa sibhialta, próisis toghcháin, foréigean inscnebhunaithe, cosaint na sláinte poiblí agus mionaoiseach nó iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha ar shláinte choirp agus ar fholláine mheabhrach duine. Chun rochtain a fháil ar shonraí, is féidir le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha Bhallstát bunaíochta VLOP nó VLOSE sonrach stádas taighdeora grinnfhiosraithe a dheonú i gcás inar léirigh an taighdeoir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 40(8) GSD. Ceanglaítear ar VLOPanna agus VLOSEnna rochtain a thabhairt do thaighdeoirí ar shonraí do na taighdeoirí ar deonaíodh stádas taighdeora grinnfhiosraithe dóibh.

Ghlac an Coimisiún Eorpach Gníomh Tarmligthe maidir le rochtain taighdeoirí grinnfhiosraithe ar shonraí faoi Airteagal 40 an 1 Iúil 2025 ina leagtar amach na rialacha lena ndeonaítear rochtain ar shonraí do thaighdeoirí grinnfhiosraithe agus ina leagtar amach an fhaisnéis nach mór do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, VLOPanna agus VLOSEnna a chur ar fáil don phobal chun iarratais taighdeoirí grinnfhiosraithe a éascú chun rochtain a fháil ar thacair sonraí ábhartha.

### Stádas deonaithe do thaighdeoirí grinnfhiosraithe in 2025
Níor dheonaigh an Coimisiún stádas mar thaighdeoir grinnfhiosraithe d'aon duine go fóill.

# Forfheidhmiú

## Réamhrá

In 2025, bhí Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis inniúla eile i mbun raon gníomhaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, arna gcomhlánú le tionscnaimh éagsúla idirnáisiúnta agus náisiúnta, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, arb é is aidhm dóibh comhlíonadh a chothú, comhar a fheabhsú, agus cur chun feidhme éifeachtach GSD a chinntiú.

Is é an tAonad um Maoirseacht agus Imscrúduithe Ardán (PS&I) laistigh den Choimisiún a dhéanann maoirseacht agus forfheidhmiú ar GSD. Is dhá fheidhm ar leith iad Maoirseacht agus Imscrúduithe.

### Gníomhaíochtaí maoirseachta in 2025

In 2025, chuaigh An Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le heintitis rialáilte laistigh dá shainchúram rialála chun comhlíonadh an GSD a chinntiú. Tá cur chuige rioscabhunaithe glactha ag an gCoimisiún maidir le maoirseacht, trína ndíríonn sé a acmhainní maoirseachta ar eintitis a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo d'úsáideoirí ar líne, agus láithreacht mhaoirseachta á coinneáil aige ar fud na soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha uile ag an am céanna.

Le linn 2025, rinne An Coimisiún raon leathan gníomhaíochtaí maoirseachta lena gcumhdaítear VLOPanna/VLOSEnna, agus soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha eile (ISPanna)atá bunaithe in Éirinn. Ar na gníomhaíochtaí maoirseachta is suntasaí áirítear:

Tar éis tús a chur le hathbhreithniú in 2024 ar chomhlíonadh roinnt soláthraithe ar líne le hAirteagal 16 den GSD, d'iarr an Coimisiún faisnéis ar roinnt díobh sin atá lonnaithe in Éirinn - lena n-áirítear VLOPanna agus VLOSEnna - chun a chinntiú go mbeidh sé de cheart ag daoine ábhar a thuairisciú a bhfuil amhras orthu go bhfuil sé mídhleathach, trí shásra tuairiscithe inrochtana agus so-úsáidte. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí in 2025, amhail rannpháirtíocht fheabhsaithe, Iarrataí ar Fhaisnéis, litreacha a bhaineann le Maoirseacht, agus oscailt dhá fhiosrúchán freisin (in dhá VLOPanna). Tá athruithe suntasacha déanta ag roinnt soláthraithe eile ar a sásraí tuairiscithe maidir le hábhar mídhleathach, tar éis dóibh dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar na hathruithe sin ar mhaithe lena n-éifeachtacht.

- Ag díriú ar Threoirlínte Airteagal 28 an Choimisiúin Eorpaigh, agus ar straitéis cur chun feidhme ár dTreoirlínte, agus cosaint mionaoiseach mar réimse tosaíochta don Choimisiún:
- Tá tús curtha againn le tionscadal chun athbhreithniú agus teagmháil a dhéanamh le hardáin atá bunaithe in Éirinn (seachas VLOPanna agus VLOSEnna) maidir le cur chun feidhme Threoirlínte Airteagal 28. Leanfaidh sé sin ar aghaidh in 2026 agus áirítear leis seiceálacha comhlíontachta réamhghníomhacha agus idirphlé rialála treisithe.
    - I gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, chuireamar tús le gníomhaíocht chomhordaithe ar ardáin phornagrafacha, agus dhírigh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ar sheirbhísí atá bunaithe go náisiúnta. In 2025, áiríodh leis sin sainaithint agus mapáil dhlínsiúil na seirbhísí ábhartha atá bunaithe in Éirinn, agus for-rochtain tosaigh.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar VLOPanna agus ar ullmhúcháin VLOSEnna do thoghchán Uachtaránachta na hÉireann, i ndáil lena n-oibleagáid rioscaí sistéamacha a bhaineann le sláine toghcháin a mheasúnú agus a mhaolú. Is éard a bhí i gceist leis sin cruinniú comhchéime toghcháin ina raibh ionadaithe ó na heintitis rialáilte, ó rialálaí eile agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Thacaigh an Coimisiún freisin le cruinnithe comhchéime toghcháin i mBallstáit eile.

- In 2024, chuireamar tús le clár leanúnach chun seirbhísí ISP a shainaithint agus a chatagóiriú le haghaidh eintitis neamh-VLOP/VLOSE. Bhaineamar úsáid as an bhfaisnéis sin chun dul i dteagmháil le thart ar 400 seirbhís chun comhlíonadh oibleagáidí bunúsacha a lorg. In 2025, rinne an fhoireann Mhaoirseachta ceithre bhabhta de bhun-mheasúnuithe comhlíontachta ar gach ardán sainaitheanta ar líne. Breithníodh sna measúnuithe sin foilsiú AMARS, infhaighteacht faisnéise Pointe Teagmhála Aonair, an fhaisnéis trédhearcachta maidir le fógraíocht, agus foilsiú Tuarascálacha Trédhearcachta. I gcás nár sainaithníodh comhlíonadh, chuamar i dteagmháil le hardáin ar líne chun feabhsuithe a fheiceáil nó chun fógra a thabhairt dóibh faoi na hoibleagáidí. Cuirfear leis an obair sin in 2026. I gcás an tionscadail sin, in 2025, seoladh 146 litir chuig seirbhísí a bhaineann le tionscnaimh bhunúsacha um measúnú comhlíontachta agus leantar den obair sin.
- Rinneadh gníomhaíocht mhaoirseachta eile in 2025 i gcomhréir lenár gcur chuige rioscabhunaithe, ag díriú ar sholáthraithe tosaíochta agus ar réimsí téamacha imní. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht fheabhsaithe, Iarrataí ar Fhaisnéis agus litreacha maidir le hábhair imní maoirseachta a sheoladh amach, agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile.
- Athbhreithniú á dhéanamh ar na Measúnuithe Riosca agus Iniúchtaí arna gcur isteach ag VLOPS agus VLOSES ina leagtar amach conas a shainaithníonn siad rioscaí agus conas a thugann siad aghaidh orthu chomh maith lena gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí caighdeánacha agus le cur chun feidhme ginearálta GSD. Amhail in 2024, bhailíomar faisnéis freisin ó Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus ó údaráis eile, ón tsochaí shibhialta agus ó úsáideoirí chun tuiscint a fháil ar na háiteanna a bhféadfadh sé nach leor na hardáin.
- Rannpháirtíocht rialta a choinneáil le comhlachtaí náisiúnta eile, de réir mar is ábhartha maidir le comhlíonadh dhualgais an Choimisiúin, i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha faoin GSD. Áirítear leis sin an CICT, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, An Garda Síochána, an Coimisiún Toghcháin, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Banc Ceannais na hÉireann.

In 2025, lean An Coimisiún de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha, chun faisnéis chomhthairbheach a chomhroinnt go neamhfhoirmiúil maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, cleachtas maoirseachta agus saincheisteanna sonracha amhail toghcháin, mionaoisigh a chosaint agus deacrachtaí d'úsáideoirí a bhaineann le hábhar mídhleathach a thuairisciú.

### Gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus cumhachtaí fiosrúcháin a úsáideadh in 2025

In 2025 chuir an Coimisiún tús le 3 fhiosrúcháin de bhun Chuid 8B den Acht Craolacháin 2009, arna leasú. Cuireadh tús leis na fiosrúcháin in aghaidh VLOPanna agus VLOSEnna agus bhain siad le sáruithe líomhnaithe ar Airteagail 16, 20 agus 25 den GSD.

Ina theannta sin, in 2024 fuair An Coimisiún dhá iarraidh ar chúnamh agus ghlac sé leo faoi Airteagal 66.3 den GSD chun cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach ina chuid fiosrúchán. Chuir an Coimisiún cúnamh leanúnach ar fáil don Choimisiún Eorpach i ndáil leis an dá iarraidh sin le linn 2025.

# Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus baile

### An Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha

Is é is aidhm don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (an 'Bord') rannchuidiú le timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a chuireann an nuálaíocht chun cinn agus cosaint na gceart bunúsach á cosaint ag an am céanna. Tríd an mBord, oibríonn an Coimisiún Eorpach agus DSCanna le chéile mar fhoireann chomhtháite, ag glacadh cur chuige Eorpach maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú GSD. Dá

bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag an mBord maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach GSD a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh, rud a théann chun tairbhe do shaoránaigh uile na hEorpa, don tsochaí agus don gheilleagar.

Is é an Bord an t-ardán chun na saincheisteanna agus na tosaíochtaí ábhartha uile a phlé maidir le cur i bhfeidhm GSD. Tá dlúthchomhar agus comhordú iontaofa, agus tionchar sonrach na seirbhísí idirghabhálacha i mBallstáit aonair á chur san áireamh, fíor-riachtanach chun GSD a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go comhleanúnach ar fud an Aontais Eorpaigh.

I gcás DSCanna atá rannpháirteach sa Bhord, tá sé tábhachtach rannchuidiú go gníomhach leis an bpróiseas sin. Tugann comhaltaí an bhoird tacaíocht, comhairle agus cúnamh don Choimisiún Eorpach agus do na DSCanna eile agus iad i mbun a gcúraimí maoirseachta. Tugann siad léargais agus saineolas dá chéile, téann siad i gcomhairle le saineolaithe seachtracha nuair is gá, agus cuireann siad leis an anailís ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhaineann le seirbhísí digiteacha laistigh den mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, éilíonn rannpháirtíocht sa Bhord ról gníomhach i gcomhar agus obair le chéile chun comhlíonadh GSD a áirithiú, agus aird á tabhairt ar chomhthéacs sonrach gach Ballstáit.

In 2025, thionóil an Bord 8 gcruinniú san iomlán, lena n-áirítear 2 chruinniú ad hoc. Bhí na cruinnithe sin ina n-ardán ríthábhachtach chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme, maoirseacht agus forfheidhmiú leanúnach an GSD ar fud an Aontais Eorpaigh. Thug na cruinnithe deis do chomhaltaí an Bhoird plé domhain a dhéanamh ar shaincheisteanna agus tosaíochtaí éagsúla a bhaineann le tírdhreach na seirbhísí digiteacha. Bhí ról suntasach ag gach cruinniú maidir leis na spriocanna comhchoiteanna a chur chun cinn chun timpeallacht dhigiteach atá sábháilte, trédhearcach agus nuálach a chinntiú ar fud an Aontais.

D'fhreastail an Coimisiún ar chruinnithe uile an Bhoird. Ina theannta sin, ghlac saineolaithe de chuid an Choimisiúin páirt sna Meithleacha uile a bunaíodh faoin mBord, go háirithe:

- Leanamar ar aghaidh mar Leas-Chathaoirleach ar Mheitheal 6 an Bhoird Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha a bhaineann le Cosaint Mionaoiseach, áit ar oibríomar leis an gCathaoirleach chun gníomhaíocht chomhordaithe a bhunú ar ardáin phornagrafacha, inar soláthraíodh aiseolas mionsonraithe ar threoirlínte Airteagal 28 agus inar oibríomar leis an gCathaoirleach chun straitéis cur chun feidhme a chomhaontú agus chun táirgí insoláthartha a mholadh do threoirlínte Airteagal 28.
- Ghlac sé ról Leas-Chathaoirleach um Meitheal 8 maidir le TF agus Agora.
- Bhí ról substainteach aige i Meitheal 3 chun cur chuige comhchuibhithe a fhorbairt i measc Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratais rochtain a fháil ar shonraí faoi Airteagal 40(4) agus chuaigh sé i ngleic go dian le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, le taighdeoirí agus leis an gCoimisiún Eorpach ó cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais i mí Dheireadh Fómhair 2025.
- Mar thoradh air sin, bunaíodh sruth oibre nua faoi Mheitheal 3 chun dea-chleachtas a chomhchuibhiú maidir le deimhniú um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, a thosóidh in 2026.
- Bhí ról substainteach aige i bhforbairt an dea-chleachtais maidir le gearáin a láimhseáil faoi Mheitheal 2
- Mar thoradh air sin, bunaíodh sruth oibre nua faoi Mheitheal 1 chun caighdeáin chomhlíonta chomhaontaithe a fhorbairt le haghaidh Shásraí Fógra agus Gníomhaíochta Airt. 16, a thosóidh go luath in 2026.
- Comhalta de ghrúpa dréachtóirí Mheitheal 4 a d'fhorbair Uirlisí Toghcháin, a foilsíodh i mí Feabhra 2025.
- D'oibrigh sé leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile chun spás a chruthú do rannpháirtíocht um Eagraíocht Sochaí Sibhialta i struchtúir an Bhoird Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha.

## Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus baile eile in 2025

Chomh maith lenár rannpháirtíocht ghníomhach sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, in 2025, ghlac An Coimisiún páirt i roinnt ceardlann a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear ceardlann den Líonra Cumarsáide, oiliúint Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ceardlann maidir le rochtain a fháil ar shonraí agus ceardlann measúnaithe riosca.In 2025, chuaigh An Coimisiún i mbun comhar idirnáisiúnta a bhí dírithe ar GSD go forleathan, rud a chuir leis an bplé maidir le forfheidhmiú, rannpháirtíocht um Eagraíocht Sochaí Sibhialta, rioscaí sistéamacha, toghcháin, agus rochtain a fháil ar shonraí taighdeoirí. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí rannpháirtíochta, bhí urlabhraíocht ag Éisteacht Phoiblí IMCO (An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra) de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú GSD, agus rannpháirtíocht i gCruinniú Mullaigh na nArdán Digiteach um an Lárionad um Rialáil san Eoraip. Chuir an Coimisiún saineolas ar fáil freisin ag imeacht de chuid na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha dar teideal 'DSA: One Year in Force', Comhdháil GSD um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt, agus Cruinniú Comhchéime maidir le hEagraíocht Sochaí Sibhialta an Lárionaid um Dhaonlathas agus Teicneolaíocht. Thacaigh An Coimisiún freisin le cur chun feidhme na dtreoirlínte toghcháin agus na huirlisí toghcháin trí mhalartú agus comhroinnt le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile.

Neartaigh an Coimisiún comhar déthaobhach agus iltaobhach le rialálaí agus le rialtais. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht dhéthaobhach rialta le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile agus leis an gCoimisiún Eorpach chomh maith le malartuithe spriocdhírithe GSD lena n-áirítear le hionadaithe rialtais na Fraince, na hÍsiltíre agus na Danmhairge. Bhí ról lárnach ag an gCoimisiún freisin in imeachtaí beartais domhanda ina raibh téamaí GSD lárnach—amhail RightsCon, comhdháil EOECNA/ASEAN maidir le rialachas ardán, Fóram Fhlórans um Rialáil Dhigiteach agus ceardlanna Scoil Hertie/Ollscoil na Colóime maidir le comhoibriú idir taighdeoirí/rialálaithe.